Seirbhís Traenach Trasteorann

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar scéal faoin tseirbhís traenach trasteorann idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste ar ball.

Sula bhféachann tú ar an mír bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

An bhfuil aon eolas agat faoinar tharla don tseirbhís traenach seo le míonna beaga anuas?
An mbaineann tú féin úsáid as an tseirbhís traenach?
Dá mbeadh rogha agat, an mb'fhearr leat an bus a thógáil nó an traein? Cén fáth?

Ceist 2 Sular bhféachann tú ar an mhír nuachta, déan iarracht na focail ar chlé a mheaitseáil leis na téarmaí ar dheis.

1. Train	A. Iarnród
2. Service	B. Innealtóireacht
3. Passengers	C. Droichead
4. Railway	D. Cathair
5. Cross-Border	E. Paisinéirí
6. Bridge	F. Traein
7. Engineering	G. Trasteorann
8. City	H. Seirbhís

Ceist 3 Anois féach ar an mhír agus déan iarracht na bearnaí thíos a líonadh leis na focail *i gcló iodálach.*

Beidh an tseirbhís_____ ag taisteal níos moille ar feadh_____ amach _____ ar an phíosa úr_____ ach deir paisinéirí anseo gur mór an lúcháir atá orthu í a bheith ar ais agus an_____ ag tarraingt orainn. Táthar ag tairiscint táillí lascaine ar feadh sé seachtainí anois le custaiméirí a mhealladh_____ .

Áine Ní Ghallchóir,_____ TG4 ag_____ traenach Bhéal Feirste

ar ais, Nuacht, Nollaig, traenach, príomhstáisiún, míosa, iarnróid, romhainn

Ceist 4 Féach ar an mhír don dara uair agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

1. Cén dá chathair a luaitear sa mhír?
2. Cár briseadh an t-iarnród?
3. Cén uair ar tharla sé?
4. Cén baile i gContae Lú a luaitear sa mhír
5. Cén stáisiún ina raibh Áine Ní Ghallchóir.

Ceist 5 "***Beidh*** *an tseirbhís traenach…*"

Cén cineál briathair é seo?
Cén aimsir atá i gceist?

Anois cur na briathra idir lúibíní san aimsir fháistineach.

1. (Beir) an cúl báire ar an liathróid sin.
2. Níl aon airgead agam ach (tabhair) an banc iasacht dom.
3. (Faigh) mé mo chuid laethanta saoire cúpla lá roimh an Nollaig.
4. (Clois) tú Colm ag casadh ar ball.
5. (Bí) Máirtín ag an gcóisir mhór.
6. Níl duine ar bith anseo. (Abair) mé le Barra gan tús a chur leis fós.
7. (Déan) mé iarracht a bheith ann tar éis na scoile.
8. Mura bhfuil bainne againn (téigh) mé chuig an siopa.
9. Ní fhaca mé Séan le fada ach (feic + muid) a chéile amárach.
10. Rachaimid abhaile tar éis an chluiche agus (ith+ muid) dinnéar ansin.
11. (Tar) an litir sin sa phost amárach cinnte.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil dóthain iarnróid in úsáid in Éirinn?
An fiú airgead a chaitheamh orthu?
Cén modh taistil is fearr leat féin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1. Train	F. Traein
2. Service	H. Seirbhís
3. Passengers	E. Paisinéirí
4. Railway	A. Iarnród
5. Cross-Border	G. Trasteorann
6. Bridge	C. Droichead
7. Engineering	B. Innealtóireacht
8. City	D. Cathair

Ceist 3 Beidh an tseirbhís **traenach** ag taisteal níos moille ar feadh **míosa** amach **romhainn** ar an phíosa úr **iarnróid** ach deir paisinéirí anseo gur mór an lúcháir atá orthu í a bheith ar ais agus an **Nollaig** ag tarraingt orainn. Táthar ag tairiscint táillí lascaine ar feadh sé seachtainí anois le custaiméirí a mhealladh **ar ais**.

Áine Ní Ghallchóir, **Nuacht** TG4 ag **príomhstáisiún** traenach Bhéal Feirste.

Ceist 4

1. An dá chathair a luaitear - Baile Átha Cliath agus Béal Feirste.
2. Briseadh an t-iarnród i Mullach Íde, i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath?
3. Tharla sé i Mí Lúnasa.
4. Luaitear Droichead Átha sa mhír.
5. Bhí Áine Ní Ghallchóir ag príomhstáisiún traenach Bhéal Feirste.

Ceist 5 Is briathar neamhrialta ata ann.
Tá sé san aimsir fháistineach.

1. **Béarfaidh** an cúl báire ar an liathróid sin.
2. Níl aon airgead agam ach **tabharfaidh** an banc iasacht dom.
3. **Gheobhaidh** mé mo chuid laethanta saoire cúpla lá roimh an Nollaig..
4. **Cloisfidh** tú Colm ag casadh ar ball.
5. **Beidh** Máirtín ag an gcóisir mhór.
6. Níl duine ar bith anseo. **Déarfaidh** mé le Barra gan tús a chur leis fós.
7. **Déanfaidh** mé iarracht a bheith ann tar éis na scoile.
8. Mura bhfuil bainne againn **rachaidh** mé chuig an siopa.
9. Ní fhaca mé Séan le fada ach **feicfimid** a chéile amárach.
10. Rachaimid abhaile tar éis an chluiche agus **íosfaimid** dinnéar ansin.
11. **Tiocfaidh** an litir sin sa phost amárach cinnte.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
Tá an tseirbhís iomlán traenach trasteorann idir Baile[1] Átha Cliath agus Béal Feirste ar ais i mbun oibre inniu ach cailleadh na milliúin euro agus punt le cúpla mí anuas de bharr laghdú ar líon na bpaisinéirí. Ní raibh seirbhís dhíreach traenach idir an dá chathair ó mhí Lúnasa nuair a chlis an droichead i Mullach Íde. Tá an scéal ag Áine Ní Ghallchóir.

Áine Ní Ghallchóir
Ar ais arís![2] Bhí an tseirbhís traenach idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste *An Enterprise*, gnóthach inniu den chéad uair le míonna. Ó mhí Lúnasa nuair a thug píosa den iarnród uaidh, bhí ar phaisinéirí aistriú ón traein go bus ag Droichead Átha agus dá bharr, thit líon na bpaisinéirí 60%, meastar. Cé go raibh moill ceathrú uaire ar an tseirbhís inniu, bhí éileamh air.

An Pobal
Táimid sásta go bhfuil siad ar ais. Seirbhís mhaith, chompordach[3].
Tá sé go hiontach, an-mhaith!

Creimeadh farraige a deirtear ba chúis le fiche méadar den iarnród ar dhroichead i Mullach Íde i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath ligean[4] uaidh i Mí Lúnasa. Táthar ag dréim le torthaí fiosrúcháin maidir le seo sa bhliain úr.

Deir Translink gur chaill siad dhá mhilliún punt siocair titim i líon na bpaisinéirí ón am sin ach chaill Iarnród Éireann deich milliún euro. San áireamh ansin fosta, tá an t-airgead ar obair innealtóireachta, ag cóiriú an droichid, agus an tseirbhís bus a chur ar fáil idir Droichead Átha[5] agus Baile Átha Cliath.
Beidh an tseirbhís traenach ag taisteal níos moille ar feadh míosa amach romhainn ar an phíosa úr iarnróid ach deir paisinéirí anseo gur mór an lúcháir atá orthu í a bheith ar ais agus an Nollaig ag tarraingt orainn. Táthar ag tairiscint táillí lascaine ar feadh sé seachtainí anois le custaiméirí a mhealladh ar ais.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4 ag príomhstáisiún traenach Bhéal Feirste.

[1] Idir Bhaile Átha Cliath deirtear
[2] Ar ais aríst deirtear
[3] Seirbhís maith compordach a deirtear
[4] Ligint a deirtear
[5] Idir Dhroichead Átha a deirtear